BILEOG FÍRICÍ NA CÁINAISNÉISE

An Roinn Coimirce Sóisialaí
Department of Social Protection

Príomhathruithe Leasa Shóisialta agus Rátaí Íocaíochta

Buiséad 2014

Joan Burton T.D., Aire Coimirce Sóisialaí

Caithfear breis is €19.6 billiún ar Choimirce Sóisialach in 2014

Níor laghdaíodh an caiteachas ach de €226 milliún in ionad €440 milliún

Gheofar €30 milliún eile trí bhearta rialaithe agus bearta frithchalaoise

Níor laghdaíodh íocaíochtaí seachtainiúla leasa shóisialaigh d'aon duine den 1.45 milliún atá á bhfáil i láthair na huaire

Athrú ar bith ar Shochar Linbh

Athrú ar bith ar an Liúntas Breosla, Saorthaisteal, Saorcheadúnas Teilifíse, Liúntas Leictreachais/Gáis ná ar an Liúntas Os Cionn 80.

Seanóirí, cúramóirí agus daoine faoi mhíchumas

- Ní dhéanfar aon athrú ar rátaí an Phinsin Stáit do dhaoine scothaosta.
- Ní dhéanfar aon athrú ar Shaorthaisteal, Saorcheadúnas Teilifíse, Liúntas Leictreachais/Gáis ná ar an Liúntas Breosla.
- Cuirfear deireadh leis an Liúntas Teileafóin (€9.50 an teaghlach sa mhí) ó Eanáir i ngach cás.
- Cúramóirí lánaimseartha a fhaigheann íocaíocht leasa seachtainiúil eile, leanfaidh siad de leath an ráta Liúntais Chúramóra a fháil.
- Ní athrófar an íocaíocht bhreise as cúram a thabhairt do bhreis is duine amháin.
- Ní athrófar an €1,375 de Dheontas Cúram Sosa i gcás gach duine a fhaigheann cúram.

Leanaí

- Athrú nua ar bith ar Shochar Linbh sa Bhuiséad seo
- Íocfar €130 de Shochar Linbh sa mhí i gcás gach linbh ó Eanáir 2014, faoi mar a fógraíodh i mBuiséad 2013.

Gníomhachtú – ag cabhrú le daoine filleadh ar oideachas, oiliúint agus obair

- Caithfear €1.08 mbilliún in 2014 ar thacaíochtaí do chuardaitheoirí poist chun iad a ullmhú faoi choinne poist – €85 milliún níos mó, nó geall leis, ná an méid a bhí beartaithe i mbliana.
- Cuirfear cistiú ar fáil chun an Ráthaíocht Óige a chur ar fáil den chéad uair in 2014.

Gheofar eolas breise ar www.welfare.ie agus www.citizensinformation.ie.
Cuir glao ar an **Roinn Coimirce Sóisialaí** ar 1890 66 22 44 (Glao Áitiúil) 9am – 5pm Luan go hAoine
agus ar **Sheirbhís Fóin Eolas do Shaoránaigh** ar 0761 07 4000, 9am - 9pm Luan go hAoine
Glaoigh ar an Oifig Áitiúil Leasa Shóisialaigh nó ar an Ionad Eolais do Shaoránaigh is gaire duit
Nóta: D'fhéadfadh na rátaí a ghearrtar d'úsáid uimhreacha 1890 (Glao áitiúil) a bheith difriúil i measc soláthraithe seirbhíse difriúla.
Níl sa Leathanach Eolais seo ach treoir; ní léirmhíniú dlíthiúil é.

ATHRUITHE

- *Aisghabháil íocaíochtaí leasa shóisialaigh* – Aisghabhfaidh an Roinn luach íocaíochtaí leasa shóisialaigh áirithe ó chuideachtaí árachais i dtaca le dámhachtainí cúitimh de dheasca timpiste nó gortú. Spárálfar €21 mhilliún tríd an mbeart leasúcháin seo.
- *Tacaíochtaí chun cabhrú le daoine filleadh ar an obair.*
  - Méadófar an caiteachas ar scéimeanna ar nós Fostaíocht Pobail, Tús agus JobBridge de €85 milliún, nó geall leis, ar chaiteachas beartaithe na bliana seo. Meastar go gcaithfear €1.08 mbilliún ar an réimse seo in 2014.
  - Chun dul i ngleic le dífhostaíocht i measc an aosa óig, feabhsóidh an Roinn Coimirce Sóisialaí na deiseanna atá ar fáil do dhaoine óga. Déanfar amhlaidh tríd an Ráthaíocht Óige, a thabharfar chun críche agus a chuirfear faoi bhráid an AE roimh dheireadh na bliana, a chur chun feidhme, lena n-áirítear:
    - An tairseach le haghaidh JobsPlus a laghdú go 6 mhí nó faoina bun i gcás daoine faoi 25 bliana d'aois.
    - Beidh áiteanna do 1,500 duine óg eile ar an scéim JobBridge, a bhfuil ag éirí thar cionn léi.
    - Cinnteofar go gcuirfear 1,000 áit ar scéim Tús na Roinne i leataobh do dhaoine óga.
    - Ceapfar clár píolóta chun tacú le daoine óga dífhostaithe chun glacadh le deiseanna faoi scéimeanna ar nós Do Chéad Phost EURES.
    - Cuirfidh an Roinn Oideachais agus Scileanna 2,000 áit oiliúna breise ar Momentum i leataobh do dhaoine faoi 25 bliana d'aois.
- *Clubanna Bricfeasta* – cuirfear Clubanna Bricfeasta breise ar fáil chun tacú le páistí scoile i gceantair faoi mhíbhuntáiste.
- *Intreo, ionad ilfhreastail na Roinne le haghaidh seirbhísí agus tacaíochtaí do chuardaitheoirí poist agus d'fhostóirí* – Bhí €15 mhilliún de mhéadú ar an leithdháileadh caipitiúil faighte ag an Roinn agus leis sin cuirfear na hIonaid Intreo ar fad ar fáil in 2014.
- *Calaois agus rialú* – spárálfar €30 milliún eile trí bhearta frithchalaoise agus rialaithe in 2014.

BEARTA EILE

Leanaí agus Teaghlaigh

- Íocfar €130 de Shochar Linbh in aghaidh gach linbh. Fógraíodh é sin i mí na Nollag 2012 mar chuid de Bhuiséad 2013.
- Coimeádfar an Méadú i Leith Leanbh Cáilithe, a íoctar le daoine a fhaigheann íocaíocht leasa shóisialaigh seachtainiúil, ina iomláine.
- Coimeádfar an Forlíonadh Ioncam Teaghlaigh ina iomláine. Caithfear €282, nó geall leis, in 2014, ar Fhorlíonadh Ioncam Teaghlaigh i gcás 43,000 teaghlach.
- Ní athrófar an Liúntas Éadaí agus Bróg don Scoilbhliain Nua do pháistí faoi 18. Leanfar den Liúntas sin a íoc maidir le páistí atá 18 mbliana d'aois agus os a chionn agus atá ag fáil oideachas dara leibhéal, ach ní i gcás páistí ag an tríú leibhéal. **(2014)**

Cuardaitheoirí Poist

- Daoine idir 18-24 bliana d'aois, nach bhfuil clann orthu, agus atá ag fáil Liúntas Cuardaitheora Poist nó Liúntas Leasa Forlíontach, íocfar €100 sa tseachtain leo ach amháin má tá éileamh acu i láthair na huaire ar ráta níos airde. Ní athróidh an ráta i gcásanna mar sin. **(Eanáir 2014)**
- Daoine atá 25 bliana d'aois, nach bhfuil clann orthu, agus atá ag fáil Liúntas Cuardaitheora Poist nó Liúntas Leasa Forlíontach, íocfar €144 sa tseachtain leo ach amháin má tá éileamh acu i láthair na huaire ar ráta níos airde. Ní athróidh an ráta i gcásanna mar sin. Méadófar an €144 de ráta seachtainiúil go €188 i gcás daoine a fhaigheann Liúntas Cuardaitheora Poist agus go €186 i gcás daoine a fhaigheann Liúntas Leasa Forlíontach óna 26ú breithlá ar aghaidh.
- Bainfidh na rátaí laghdaithe den Liúntas Cuardaitheora Poist le daoine atá 25 bliana d'aois agus faoina bhun agus a bhfuil deireadh tagtha lena dteidlíocht ar Shochar Cuardaitheora Poist. **(Eanáir 2014)**
- Gach Cuardaitheoir Poist atá idir 18 agus 25 bliana d'aois agus a ghlacann páirt sa scéim Liúntas um Fhilleadh ar an Oideachas, gheobhaidh sé/sí €160 sa tseachtain. **(Eanáir 2014)**

Pacáiste Sochar Teaghlaigh, Liúntas Breosla agus Saorthaisteal

- Ní dhéanfar aon athrú ar Shaorthaisteal, Saorcheadúnas Teilifíse, Liúntas Leictreachais/Gáis ná ar an Liúntas Breosla. Fanfaidh luach na liúntas sin mar atá.
- Laghdófar an íocaíocht bhliantúil le RTÉ maidir leis an Saorcheadúnas Teilifíse de €5 mhilliún go €54.17 milliún. Ní dhéanfaidh sé difear dóibh siúd a fhaigheann saorcheadúnas teilifíse. **(2014)**
- Cuirfear deireadh leis an Liúntas Teileafóin do dhaoine nua a thagann isteach sa scéim agus dóibh siúd atá sa scéim cheana. Is fiú €9.50 an teaghlach sa mhí an liúntas. **(Eanáir 2014)**

Cúramóirí

- Cúramóirí lánaimseartha a fhaigheann íocaíocht leasa seachtainiúil eile, leanfaidh siad de leath an ráta Liúntais Chúramóra a fháil.
- Íocfar íocaíocht bhreise as cúram a thabhairt do bhreis is duine amháin, mar is gnáth.
- Ní athrófar luach an Deontas Cúram Sosa ar fiú €1,375 é i gcás gach duine a fhaigheann cúram.

Sochar Máithreachais agus Uchtála

- Socrófar íosráta agus uasráta an tSochair Mháithreachais agus an tSochair Uchtála ag €230 sa tseachtain de ráta caighdeánach i gcás iarrthóirí nua. Ciallóidh sé sin suas le €12.20 de mhéadú dóibh siúd a fhaigheann faoi bhun €230 sa tseachtain agus €32 sa tseachtain de laghdú i gcás gach éilitheoir eile. Cuirfear an t-athrú i bhfeidhm maidir le héilitheoirí nua. Ní dhéanfaidh sé difear do dhaoine atá ag fáil na híocaíochta faoi láthair. (**Eanáir 2014**)

Sochar Breoiteachta

- Ní íocfar Sochar Breoiteachta nó Sochar Gortuithe le linn na chéad sé lá d'aon éileamh, suas ó trí lá. **(Eanáir 2014)**

Pinsean Easláine

- Tiocfaidh deireadh leis an bPinsean Stáit (Athrú) ó Eanáir 2014 agus dá réir sin ní íocfar a thuilleadh an ráta €230.30 de Phinsean Easláine ag aois 65 bliana. Íocfar €193.50 ina ionad sin. Bainfidh an beart sin le Pinsinéirí Easláine a mbeidh a 65ú breithlá acu in Eanáir nó ina dhiaidh. Ní dhéanfaidh sé difear do dhaoine a bheidh 65 bliana d'aois roimhe sin. **(Eanáir 2014)**
- Daoine atá ag fáil an Phinsin Easláine (daoine atá á fháil anois agus daoine nua) aistreofar iad sa ghnáthchúrsa go dtí an Pinsean Stáit (Ranníocach), faoi mar a dhéantar faoi láthair, nuair a bhíonn siad 66 bliana d'aois. Gheobhaidh siad €230.30 de ráta seachtainiúil. **(Eanáir 2014)**
- Íocfar €138.10 de ráta caighdeánach le gach duine fásta cáilithe de chuid Pinsinéirí Easláine. Bainfidh an beart seo le céilí agus páirtnéirí a mbeidh a 66ú breithlá acu in **Eanáir 2014** nó ina dhiaidh. Ní dhéanfaidh sé difear do chéilí ná do pháirtnéirí atá 66 bliana d'aois nó os a chionn cheana.

Cíos agus Morgáiste

- Méadófar de €5 sa tseachtain an ranníocaíocht íosta i leith Forlíonadh Cíosa agus Forlíonadh Ús Morgáiste i gcás lánúineacha, ó €35 go €40, chun ranníocaíochtaí faoi na Scéimeanna Forlíonadh Cíosa agus Forlíonadh Ús Morgáiste a ailíniú le struchtúr cíosanna na n-údarás áitiúil, i gcás daoine atá ag fáil aon cheann de na forlíontaí sin anois, agus daoine a gheobhaidh aon cheann de na forlíontaí sin feasta. **(Eanáir 2014)**
- Ní athróidh an ranníocaíocht íosta do dhaoine aonair, ná do dhaoine aonair le páiste/páistí.
- Ní ghlacfar le daoine nua ar an Scéim Forlíonadh Ús Morgáiste ó **Eanáir 2014** ar aghaidh agus cuirfear deireadh leis an scéim in imeacht ceithre bliana i gcás daoine atá ag fáil an Fhorlíonta i láthair na huaire.

Bearta eile

- Spárálfar €2.1 mhilliún ar Íocaíochtaí do Riachtanais Eisceachtúla, de bharr chaighdeán na n-íocaíochtaí sin. **(2014)**
- Ní íocfar an €850 de Dheontas Méala níos mó. **(Eanáir 2014)**
- Ní dhéanfaidh sin difear don íocaíocht sé seachtaine tar éis bháis (nuair a íoctar íocaíocht an duine bhásaithe go ceann sé seachtaine le céile nó páirtnéir atá ag fáil íocaíocht leasa shóisialaigh seachtainiúil), don €6000 de Dheontas Baintreachais nó Páirtnéara Shibhialta Mharthanaigh ná don chúnamh le costais sochraide faoin Íocaíocht do Riachtanais Eisceachtúla.

ÁSPC

- Ní dhéanfar aon athrú ar rátaí ÁSPC.

Rátaí Leasa Shóisialaigh don bhliain 2014

Uasrátaí Seachtainiúla

Íocaíochtaí Árachais Shóisialta	Ráta Pearsanta		Méadú i leith Duine Fásta Cáilithe		Méadú i leith Linbh Cháilithe
	2013	2014	2013	2014	2013/2014
Pinsean Stáit (Ranníocaíoch) (Athrú)	€	€	€	€	€
- Faoi 80 bliain d'aois	230.30	230.30	153.50 *	153.50 *	29.80
- 80 bliain d'aois agus le cois	240.30	240.30	206.30**	206.30**	29.80
Pinsean Ranníocach Baintrí, Baintrí Fir nó Pháirtnéara Shibhialta Mharthanaigh					
Sochar/Pinsean Banchéile Tréigthe					
- Faoi 66 bliana d'aois	193.50	193.50			29.80
- Idir 66 bliana d'aois agus 80	230.30	230.30			29.80
- 80 bliain d'aois agus le cois	240.30	240.30			29.80
Pinsean Easláine	193.50	193.50	138.10	138.10	29.80
Sochar Cúramóra/Liúntas Síorfhreastail	205.00	205.00			29.80
Sochar Míchumais	219.00	219.00			
Sochar Cuardaitheora Poist/Sláinte agus Sábháilteachta/Díobhála	188.00	188.00	124.80	124.80	29.80
Sochar Báis					
- Faoi 66 bliana d'aois	218.50	218.50			29.80
- Idir 66 bliana d'aois agus 80	234.70	234.70			29.80
- 80 bliain d'aois agus le cois	244.70	244.70			29.80
Íocaíochtaí Cúnaimh Shóisialta					
Pinsean Stáit (Neamhranníocach)					
- Idir 66 bliana d'aois agus 80	219.00	219.00	144.70	144.70	29.80
- 80 bliain d'aois agus le cois	229.00	229.00			29.80
Liúntas Cúramóra					
- Faoi 66 bliana d'aois	204.00	204.00			29.80
- 66 bliana d'aois agus le cois	239.00	239.00			29.80
Pinsean na nDall	188.00	188.00	124.80	124.80	29.80
Pinsean Neamhranníocach Baintrí, Baintrí Fir nó Pháirtnéara Shibhialta Mharthanaigh (Neamhranníocach)	188.00	188.00			
Liúntas Banchéile Tréigthe	188.00	188.00			
Íocaíocht Teaghlach Aontuismitheora	188.00	188.00			29.80
Liúntas Réamhscoir/Míchumais	188.00	188.00	124.80	124.80	29.80
Liúntas Leasa Forlíontach	186.00	186.00	124.80	124.80	29.80
Liúntas Cuardaitheora Poist	188.00	188.00	124.80	124.80	29.80
Cúnamh Feirme	188.00	188.00	124.80	124.80	29.80
Liúntais Eile Leasa Shóisialaigh					
Sochar Máithreachais/Uchtála Íosráta (ráta uasta)	262.00	230.00			
Sochar Máithreachais/Uchtála (ráta íosta)	217.80	230.00			
Íocaíocht Chaomhnóra (Ranníocach)(Neamhranníocach)	161.00	161.00			

Sochar Linbh

Líon na Leanaí	Ráta Míosúil 2013 €	Ráta Míosúil 2014 €	Ráta Bliantúil 2014 €
Leanbh amháin	130	130	1,560
2 leanbh	260	260	3,120
3 leanbh	390	390	4,680
4 leanbh	530	520	6,240
5 leanbh	670	650	7,800
6 leanbh	810	780	9,360
7 leanbh	950	910	10,920
8 leanbh	1,090	1,040	12,480

Forlíonadh Ioncam Teaghlaigh

Méid an Teaghlaigh	Teorainn Ioncaim Reatha €	Teorainn Ioncaim 2014 €
Leanbh amháin	506	506
2 leanbh	602	602
3 leanbh	703	703
4 leanbh	824	824
5 leanbh	950	950
6 leanbh	1,066	1,066
7 leanbh	1,202	1,202
8 leanbh	1,298	1,298
nó níos mó		

Fanfaidh méid na híocaíochta Forlíontadh Ioncam Teaghlaigh faoi mar a bhí, is é sin, bunaithe ar 60% den ghannchion idir glanioncam seachtainiúil an teaghlaigh agus an tairseach sheachtainiúil teaghlaigh is infheidhme

**** dóibh siúd atá faoi bhun 66 bliana***

***** dóibh siúd atá 66 bliana d'aois nó le cois***